C/2024/3981

21.6.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11566 — FIVE ARROWS / CHEETAH / SOLVARES)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/3981)

1. An 14 Meitheamh 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Five Arrows Principal Investments IV Funds ('Five Arrows', Lucsamburg), atá faoi rialú Rothschild & Co SCA ('Rotschild & Co', an Fhrainc),

— Cheetah Investment SARL ('Cheetah', Lucsamburg),

— Solvares Group GmbH ('Solvares', an Ghearmáin).

Gheobhaidh Five Arrows agus Cheetah rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Solvares, atá faoi rialú aonair Cheetah faoi láthair.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Cuireann Five Arrows seirbhísí bainistíochta infheistíochta ar fáil do réimse de ghnóthais cothromais phríobháidigh agus fiachais phríobháidigh, mar chuid den rannán Five Arrows in Rothschild & Co. Tá Rothschild & Co eagraithe de réir trí phríomhréimse gníomhaíochta: (i) an rannán um 'chomhairle domhanda', lena n-áirítear seirbhísí comhairleacha maidir le cumaisc agus éadálacha, maoiniú agus athstruchtúrú fiachais agus idirbhearta margaí caipitil; (ii) an rannán um 'bhainistiú rachmais agus sócmhainní', lena ndírítear ar rachmas agus sócmhainní cliant príobháideach agus institiúideach a chaomhnú, a fhás agus a aistriú; agus (iii) an rannán Five Arrows, a thairgeann táirgí d'infheisteoirí príobháideacha agus institiúideacha ar mian leo infheistíocht a dhéanamh sna margaí cothromais phríobháidigh,

— Is cuideachta shealbhaíochta í Cheetah a eagraítear faoi dhlíthe Ard-Diúcacht Lucsamburg. Tá na scaireanna in Cheetah á sealbhú ag DBAG Expansion Capital Fund, ar ciste infheistíochta cothromais phríobháidigh é.

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó an ghnóthais Solvares: Is grúpa cuideachtaí bogearraí é Solvares a sholáthraíonn réitigh a bharrfheabhsaíonn acmhainní agus próisis dá gcustaiméirí i mbainistíocht seirbhíse allamuigh, bainistíocht díolacháin allamuigh agus lóistíocht.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11566 — FIVE ARROWS / CHEETAH / SOLVARES

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË